Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12101/23
PV CONS 39
RELEX 950

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)

20 Iúil 2023

# CLÁR

**Leathanach**


1. Glacadh an chláir oibre ........ 3

2. Formheas na míreanna 'A'
   (a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha ........ 3
   (b) Liosta reachtach ........ 4


**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**


3. Cúrsaí reatha ........ 4

4. Fogha na Rúise faoin Úcráin ........ 4

5. An Tuirc ........ 5

6. Gné an bheartais eachtraigh den tslándáil eacnamaíoch ........ 5

7. Aon ghnó eile ........ 5

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ........ 6


***

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 11815/23.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha** 11816/23

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

Le haghaidh na míreanna seo a leanas, léitear na doiciméid mar a leanas:

Gnóthaí Eachtracha

| | | |
|---|---|---|
| 15. | Bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré – ráitis leasaithe ar chúiseanna: réamhfhógraí<br>*Formheas*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 19.7.2023 | 11927/23 **+ REV 1**<br>CORLX |

Gnóthaí Ginearálta

| | | |
|---|---|---|
| 24. | Sonraíocht sheasamh an Aontais atá le glacadh sa Choiste Speisialaithe um Iascach faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe<br>*Formheas*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 19.7.2023 | 11705/23<br>11212/1/23 REV 1<br>11212/23 ADD 1-3<br>**+ ADD 2 COR 1 (nl)**<br>UK |

Gníomhartha Tarmligthe nó Gníomhartha Cur Chun Feidhme

An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht

| | | |
|---|---|---|
| 28. | Cinneadh Tarmligthe ón gCoimisiún an 23.5.2023 lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil na gcúrsaí oiliúna<br>*Gníomh tarmligthe – Rún gan agóid a dhéanamh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 12.7.2023] | 11467/23<br>9818/23 + ADD 1<br>**+ COR 1 (lt)**<br>MI |

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 11817/23

Gnóthaí Eachtracha

1. **Rialachán maidir le léirscaoileadh sealadach trádála lena bhforlíontar lamháltais trádála faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Mholdóiv** ❶C 11499/23 PE-CONS 32/23 POLCOM
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 19.7.2023

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE).

2. **Rialachán maidir le Gníomh mar thaca le Táirgeadh Armlóin (ASAP)** ❶C 11787/23 + ADD 1 + ADD 2 REV 1 PE-CONS 46/23 INDEF
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 19.7.2023

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus an Ghréig ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 114 agus Airteagal 173(3) CFAE). D'fhormheas an Chomhairle ráiteas comhpháirteach le Parlaimint na hEorpa freisin. Leagtar amach na ráitis ar fad a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

3. Cúrsaí reatha[1]

4. Fogha na Rúise faoin Úcráin[2]
*Malartú tuairimí*

[1] Lena n-áirítear malartú neamhfhoirmiúil tuairimí le Státrúnaí na Stát Aontaithe (trí fhíschomhdháil)

[2] Lena n-áirítear malartú neamhfhoirmiúil tuairimí le hAire Gnóthaí Eachtracha na hÚcráine (trí fhíschomhdháil)

5. An Tuirc
*Malartú tuairimí*

6. Gné an bheartais eachtraigh den tslándáil eacnamaíoch
*Malartú tuairimí*

7. Aon ghnó eile

---

An chéad léamh

Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

Mír shrianta

**IARSCRÍBHINN**

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 11817/23**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le Gníomh mar thaca le Táirgeadh Armlóin (ASAP)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

## RÁITEAS Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

'Aithníonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a phráinní atá sé cabhrú le Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) dlús a chur le táirgeadh i gcomhthéacs na ndúshlán a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine, agus meabhraíonn siad go dtugtar freagairt láithreach leis an Rialachán maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) ar an ngá práinneach sin trí ionstraim shealadach nua a chur ar bun chun infheistíochtaí tionsclaíocha a éascú.

Leagann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle béim ar an ngá atá le breithniú a dhéanamh ar na bearta iomchuí uile chun EDTIB a neartú agus a fhorbairt, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus chun bacainní agus scrogaill a bhaint ionas go mbeidh an tionscal in ann níos mó a tháirgeadh feadh na slabhraí luacha.

Dá bhrí sin, iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar aon tionscnaimh bhreise is gá a chur ar aghaidh a luaithe is féidir chun EDTIB a neartú, lena n-áirítear maoiniú leordhóthanach, mar shampla i gcomhthéacs an Chláir Eorpaigh Infheistíochta um Chosaint, chomh maith le creat dlíthiúil atá dírithe ar shlándáil an tsoláthair a áirithiú agus ar thacú le táirgeadh armlón.

Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle aon tionscnaimh den sórt sin a scrúdú gan mhoill agus de mheon an chomhair dhílis fhrithpháirtigh.'

## RÁITEAS Ó ÉIRINN, LUCSAMBURG, MÁLTA AGUS AN OSTAIR.

'Tá ábhair imní ag an Éirinn, Lucsamburg, Málta agus an Ostair maidir leis an téacs in Aithris 35 ina gcuirtear in iúl gur cheart don Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI) feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann sé do thionscal cosanta na hEorpa agus don soláthar comhpháirteach sa bhreis ar an tacaíocht leanúnach a thugann sé don dé-úsáid, i gcás inar soiléir go mbeadh na hinfheistíochtaí ina rannchuidiú le cur chun feidhme thosaíochtaí an Chompáis Straitéisigh. Ní thacóimis leis an moladh go gcuirfeadh an Banc Eorpach Infheistíochta feabhas ar an tacaíocht a thugann sé sa bhreis ar an tacaíocht leanúnach a thugann sé don dé-úsáid.'

## RÁITEAS ÓN mBEILG AGUS ÓN EASTÓIN

Is díol sásaimh don Bheilg agus don Eastóin an tionscnamh uaillmhianach ón gCoimisiún chun táirgeadh armlóin a threisiú (mar fhreagairt ar rian 3 a chomhaontaigh an Chomhairle an 20 Márta 2023) d'fhonn dlús a chur a chur leis an soláthar comhpháirteach agus seachadadh tapa chun na hÚcráine a bhaint amach.

Tacaímid go hiomlán leis an gcur chuige dériain (clársceidealú agus rialáil) atá beartaithe ag an gCoimisiún sa Rialachán a tíolacadh maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP).

Ní mór dúinn dul i mbun ár bhfreagrúlacht agus ár gcumas tacú leis an Úcráin a threisiú agus, ag an am céanna, measaimid go bhfuil deis ann le tapú chun bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a spreagadh agus a neartú chun na gealltanais atá tugtha againn go léir a chomhlíonadh.

Tá an togra seo ríthábhachtach chun ár gcúnamh míleata don Úcráin a mhéadú agus chun forbairt chomhoibríoch cumas agus soláthar comhoibríoch a chothú, agus ar an gcaoi sin tuilleadh éifeachtúlachta agus éifeachtachta a áirithiú tríd an mbarainneacht scála a mhéadú, agus athléimneacht agus slándáil soláthair an Aontais á bhfeabhsú ag an am céanna. Is gnéithe ríthábhachtacha den chur chuige sin iad na bearta a mholtar sa chuid rialála chun scrogaill a laghdú agus seachadadh tapa agus soláthar slán a áirithiú.

Iarraimid, dá bhrí sin, ar Uachtaránacht na Spáinne tuilleadh fiosruithe a dhéanamh faoi chomhthuiscint maidir le cur chuige rialála d'fhonn ionstraimí a bheith ann amach anseo.'

**RÁITEAS ÓN nGRÉIG**

'Tá an Ghréig tiomanta don dá chuspóir atá ann tacaíocht a thabhairt d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine agus cumais thionscal cosanta na hEorpa a threisiú. Tacaímid go hiomlán le glacadh agus cur chun feidhme thionscnaimh an Aontais atá ceaptha chun tairbhe a dhéanamh do bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí agus chun comhar cosanta na mBallstát a threisiú.

Creideann an Ghréig nach mór do thionscnaimh uile an Aontais i réimse na cosanta a bheith comhoiriúnach go hiomlán le leasanna cosanta agus slándála na mBallstát i gcónaí. Ar an gcaoi sin, ní mór d'ionstraimí beartais tionsclaíochta a bhaineann le cosaint ceanglais an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta agus Teideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach a urramú.
I dtionscnaimh chosanta, ní féidir le hábhair imní maidir leis an mbeartas tionsclaíoch agus leis an margadh prionsabail an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta a shárú.

Meabhraítear don Ghréig go dtagraíonn an Rialachán seo maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) d'ionstraim ghearrthéarmach chun tacú go práinneach le cumas táirgthe armlóin agus diúracáin thionscal cosanta an Aontais, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí práinneacha criticiúla sa chumas cosanta, faoi choinníollacha agus critéir shonracha arna gcinneadh ag imthosca sonracha, eadhon na himthosca sin arna gcruthú ag an bhfreagairt ar fhogha reatha na Rúise, agus nach gcruthaíonn sé ar bhealach ar bith fasach maidir le hionstraimí eile a mholadh i réimse na gcumas cosanta ná na coinníollacha agus na critéir chun iad sin a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear sainmhíniú ar leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát i gcás eintitis atá faoi rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas tríú tír neamhchomhlachaithe.

Is gné ríthábhachtach i gcónaí í urraim tríú tíortha do phrionsabal an dea-chaidrimh comharsanachta agus leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát á gcinneadh."